Aguisín 1: An Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite: Is mian liom aighneacht a dhéanamh ar bhonn foirmiúil i ndáil le Dréacht-Phlean Forbartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2022 - 2028. Iarraim go ndéanfaí a chlárú go foirmiúil go bhfuil m'aighneacht faighte agus iarraim aitheantas scríofa ar m'aighneacht. Cuirim go láidir i gcoinne na bpleananna atá in Aguisíní 1: An Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite mar chuid de Dhréacht-Phlean Forbartha an Chontae 2022 - 2028 ina bhfuil limistéir roghnaithe lena gcriosú d'Fhorbairt Feirmeacha Gaoithe. Tá an t-uafás tuirbíní gaoithe i gceantar Chois Fharraige mar atá agus má osclaítear an ceantar seo d'Fhorbróirí Feirmeacha Gaoithe beidh tionchar mór aige ar na glúnta atá le teacht agus ar thodhchaí na Gaeilge sa phobal Gaeltachta seo. Is í an Ghaeilge teanga phobal Chois Fharraige agus tá ár dteanga dúchais faoi bhagairt mar atá ó tharla é ag cinneadh ar mhuintir na háite cead pleanála a fháil sa gceantar. Ní bheifear in ann talamh atá ag tagtha anuas ó ghlúin go glúin, agus a bhí leagtha amach le háit tí a chur ar fáil don chéad ghlúin eile, a úsáid má bhíonn forbairt fuinnimh in-athuaite ar leic an dorais ag daoine. Beidh tionchar aige sin arís ar ais ar an bpobal agus ar an teanga ó tharla gur lú daoine a roghnóidh cónaí sa gceantar. Tá Caibidil 13 den Dréacht-Phlean Forbartha dírithe ar chosaint agus ar chaomhnú na Gaeltachta agus na Gaeilge. Deirtear sa chaibidil sin: *"Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe.... chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú atá oiriúnach do charachtar, oidhreacht, conláiste agus ról straitéiseach na bpobal Gaeltachta agus Oileánach i gContae na Gaillimhe:"* Ar deireadh, deirtear sa chaibidil sin go n-áirítear ar aidhmeanna straitéiseacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe: *"Cloí le haidhmeanna Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 an Rialtais.... ról na Gaeilge a neartú sa bhaile, láthair oibre agus sa phobal."* Beidh an Ghaeltacht agus an teanga siar go mór leis faoin bPlean Fuinnimh In-athnuaite mar a leagtar amach é i nDréacht-Phlean Forbartha an Chontae. Tá roinnt de na limistéir atá leagtha amach, ar coimíneachtaí go leor díobh atá faoi úinéireacht mhuintir na háite, suite i limistéir ina bhfuil daonra mór. Tá siad i ngar do thithe cónaithe. Tá go leor daoine leochaileacha ina gcónaí sa gceantar agus ghoillfeadh forbairt den chineál seo go mór ar an bpobal. Tá go leor de na daoine atá anseo ina gcónaí sa gceantar i gcaitheamh a saoil mar a bhí a muintir rompu sin arís. Beidh cailliúint bhithéagsúlachta i gceist sa gceantar, ceantar mór portaigh, mar thoradh ar an láithreán a fhorbairt mar láithreán fuinnimh in-athnuaite.

Le meas

Bríd Ní Chualain

Redacted Personal Information

FORWARD PLANNING
28 JUL 2021
GALWAY COUNTY COUNCIL
RECEIVED